An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

TREOIRLÍNTE LE hAGHAIDH IARCHÓNAITHEOIRÍ NA SCOILEANNA SAOTHAIR & CEARTÚCHÁN ATÁ AG LORG ROCHTANA AR THAIFID PHEARSANTA ARNA ULLMHÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS

1 Ginearálta

Coinnítear taifid sa Roinn maidir leis na hiarchónaitheoirí a bhí ag tuairim is 59 Scoil Saothair & Ceartúchán ar cuireadh iontu iad mar thoradh ar Éisteacht Chúirte Go ginearálta, i measc na nithe a choinnítear iontu, tá Sleachta ó Rollaí Tinrimh, Iontráil Bhunachair Sonraí (leagan ríomhairithe na Rollaí Tinrimh), Cártaí Kardex, comhaid aonair a bhaineann leis an dalta/teaghlach, Taifid Leighis, srl. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara nach gcoinnítear comhad aonair sa Roinn le haghaidh gach iarchónaitheora, agus i mórán cásanna, is iad an t-aon taifid atá ar fáil ná an Iontráil Bhunachair Sonraí agus Sleachta ó na Rollaí Tinrimh.

Tá go leor páistí ann ar cuireadh chuig na Scoileanna Saothair iad nár mar thoradh ar na Cúirteanna, m.sh. atreorú ó Bhord Sláinte, Socrú Príobháideach, srl. I gcásanna den saghas sin, ní choinnítear aon taifid mar gheall air sa Roinn. I gcásanna mar sin, d'fhéadfaí gurbh fhearr dul i dteagmháil leis an Oifig ábhartha i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a raibh sé mar chúram uirthi an ceantar ina raibh cónaí ort roimh do shocrúchán agus / nó leis **An Roinn (Aonad Rialaithe Taifead, An Roinn Sláinte, Bloc 1, Plaza Miesach,, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 XW14 – Guthán 01-635 4000)** d'fhonn rochtain a fháil ar aon taifid a bhféadfaí iad a bheith acu. D'fhéadfaí go mbeadh roinnt taifead freisin maidir le páistí a raibh faoin gcúram á gcoinneáil ag bainistíocht na scoile.

2 Iarratais

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 tá roinnt dóigheanna ar féidir rochtain a lorg ar taifid phearsanta.

A. Iarratas Pearsanta

Déanann an t-iarchónaitheoir iarbhír iarratas chun rochtain a fháil ar thaifid phearsanta atá ag an Roinn tríd an bhfoirm atá ceangailte leis seo. Tuigtear nach mbeidh cách in ann an fhaisnéis ar fad a iarrtar a chur ar fáil. Ba chóir do sheacht ndícheall a dhéanamh, áfach, chun faisnéis chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ionas gur féidir leis an Roinn cuardach cuimsitheach a dhéanamh ar ár dtaifid. Tá fonn ar an Roinn go gcuirfear na taifid chearta chuig an duine ceart, i bhfianaise an chineáil faisnéise lena bhfuiltear a scaoileadh. Chuige sin, éilímid go seolfaidh an t-iarratasóir na saghsanna Comharthaí Aitheantais seo a leanas in éineacht lena iarratas:

- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe* de Chomhartha Aitheantais lena bhfuil Grianghraf agus síniú leis m.sh. Pas, Ceadúnas Tiomána, Cárta Seirbhísí Poiblí, Cárta Aitheantais Náisiúnta,
- Bunchóip de Bhille Baile nó Comhfhreagras oifigiúil a eisíodh le déanaí,
- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe* de Theastas Breithe nó de Dheimhniú Pósta nó de dhoiciméad oifigiúil eile (m.sh. Ordú Uchtaithe) i gcás inar athraíodh an t-ainm ón gceann atá ar an taifead atá á lorg.

Déanfar gach doiciméad a chóipeáil ar mhaithe le cúiseanna cuntais agus seolfar ar ais chugat iad.

***Is féidir deimhniú a fháil ó Staisiún an Gharda Síochána trí dhul ann tú féin agus an bunleagan i do lámh agat mar aon le fótachóip de. Tá riachtanas ag baint leis an gcéim sin cionn is nach ndéanfar do chuid faisnéise a scaoileadh go mífheiliúnach.**

B. Iarratas trí Dhlíodóir

Má tá dlíodóir ag seoladh an iarratais chugainn ar do shon, arís eile, ba chóir go soláthrófaí faisnéis chomh hiomlán agus is féidir ag féachaint do na ceisteanna a chuirtear ort ar an bhfoirm iarratais. Tá fonn ar an Roinn go gcuirfear na taifid chearta chuig an duine ceart, i bhfianaise an chineáil faisnéise lena bhfuiltear a scaoileadh. Chuige sin, éilímid go seolfar na cáipéisí seo a leanas in éineacht lena iarratas:

- Toiliú scríofa chun na taifid, más ann dóibh, a scaoileadh arna shíniú ag an iarchónaitheoir ar páipéar ceannteidil oifigiúil ón Dlíodóir,
- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe de Chomhartha Aitheantais lena bhfuil Grianghraf agus síniú an té lena mbaineann na taifid leis m.sh. Pas, Ceadúnas Tiomána, Cárta Seirbhísí Poiblí, Cárta Aitheantais Náisiúnta,
- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe de Theastas Breithe nó de Dheimhniú Pósta nó de dhoiciméad oifigiúil eile (m.sh. Ordú Uchtaithe) i gcás inar athraíodh an t-ainm ón gceann atá ar an taifead atá á lorg.

C. Iarratas trí 3ú Pearsa

Ba chóir go seolfaí na doiciméid seo a leanas in éineacht le haon iarratas atá á dhéanamh ag 3ú Pearsa thar ceann iarchónaitheora, m.sh. mac, iníon, fear céile, bean chéile, srl.

- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe* de Chomhartha Aitheantais lena bhfuil Grianghraf agus síniú leis (don té atá ag déanamh an iarratais) m.sh. Pas, Ceadúnas Tiomána, Cárta Seirbhísí Poiblí, Cárta Aitheantais Náisiúnta,
- Bunchóip de Bhille Baile nó Comhfhreagras oifigiúil (don té atá ag déanamh an iarratais) a eisíodh le déanaí,
- Míniú scríofa ar an gcaidreamh idir an t-iarratasóir agus an t-iarchónaitheoir agus ar an údarás faoina bhfuil an t-iarratasóir ag déanamh iarratais thar ceann an iarchónaitheora,
- Toiliú feasach scríofa (féach Aguisín 1) arna shíniú ag an iarchónaitheoir mar aon le Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe* de Chomhartha Aitheantais lena bhfuil Grianghraf agus síniú an iarchónaitheora leis,
- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe* de Theastas Breithe nó de Dheimhniú Pósta (ar leis an iarchónaitheoir é) nó de dhoiciméad oifigiúil eile (m.sh. Ordú Uchtaithe) i gcás inar athraíodh an t-ainm ón gceann atá ar an taifead atá á lorg.

D. Iarratas thar ceann Iarchónaitheora Bhásaithe

Glacfar le hiarratais sa Roinn a dhéantar thar ceann iarchónaitheora bhásaithe a d'fhreastail ar Scoil Saothair nó Scoil Cheartúcháin ach na doiciméid seo a leanas a bheidh ceangailte leis:

- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe* de Chomhartha Aitheantais lena bhfuil Grianghraf agus síniú leis (don té atá ag déanamh an iarratais) m.sh. Pas, Ceadúnas Tiomána, Cárta Seirbhísí Poiblí, Cárta Aitheantais Náisiúnta,
- Bunchóip de Bhille Baile nó Comhfhreagras oifigiúil (don té atá ag déanamh an iarratais) a eisíodh le déanaí,
- Bunleagan nó Cóip Dheimhnithe de Dheimhniú Báis an iarchónaitheora,
- Cruthúnas gur céile nó neasghaol an iarchónaitheora é an t-iarratasóir de réir mar a leagtar amach san **Acht Comharbais 1965 agus de réir I.R. Uimh. 218/2016 & 53/2017**

Déanfar gach doiciméad a chóipeáil ar mhaithe le cúiseanna cuntais agus seolfar ar ais chugat iad.

***Is féidir deimhniú a fháil ó Staisiún an Gharda Síochána trí dhul ann tú féin agus an bunleagan i do lámh agat mar aon le fótachóip de. Tá riachtanas ag baint leis an gcéim sin cionn is nach ndéanfar do chuid faisnéise a scaoileadh go mífheiliúnach.**

Níl sé mar rún go ndéanfaí an próiseas iarratais níos casta trí na ceanglais thuas ach go gcosnófaí an ceart chun príobháideachta atá ag cách lena mbaineann. Más rud é go bhfuil ceist ar bith agat maidir leis an méid thuas, ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil leis an Roinn agus cabhróidh duine éigin leat leis an iarratas agat.

Ba cheart go seolfaí an uile iarratas chuig:

An Bord Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe
An Roinn Oideachais
Cor na Madadh, Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí, N37 X659
Uimhir Ghutháin 090 – 6484139

An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

IARRATAS Ó IARCHÓNAITHEOIRÍ NA SCOILEANNA SAOTHAIR & CEARTÚCHÁN CHUN ROCHTAIN A FHÁIL AR THAIFID PHEARSANTA DE RÉIR AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

Le do thoil, líon isteach codanna 1, 2, 3 i mBLOCLITREACHA agus sínigh an fhoirm iarratais. Cuimhnítear go seoltar an cháipéisíocht ar fad a iarrtar (féach na treoirlínte le do thoil) toisc nach scaoilfear aon taifid, más ann dóibh, go dtí go bhfaighfear an fhaisnéis a iarrtar.

1. MIONSONRAÍ PEARSANTA REATHA

Ainm: _____ **Dáta Breithe:** _____

Seoladh Baile: _____

Uimh. Ghutháin: _____ **Seoladh Ríomhphoist:** _____

Le do thoil, cuir ar fáil do shloinne roimh phósadh duit, más cuí. _____

Le do thoil, inis dúinn mura bhfuil tú ag iarraidh go mbainfear leas as na sonraí thuas chun teagmháil a dhéanamh leat: _____

2. SONRAÍ NA SCOILE SAOTHAIR A D'FHREASTAIL TÚ UIRTHI

Ainm & Suíomh na Scoile(anna) ar ar fhreastail tú: _____

_____

Uimhir Thagartha na Scoile: _____

Neasbhliain Iontrála agus Neasbhliain Scaoilte: _____

3. SONRAÍ TEAGHLAIGH

Ainm do Mháthar: _____ **Ainm d'Athar:** _____

Seoladh Baile roimh an Socrúchán: _____

_____

Ainmneacha Dearthóireacha agus Deirfiúracha a d'fhreastail nó nár fhreastail ar Scoil Saothair:

_____

_____

Le do thoil, tabhair breis eolais anseo dúinn a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair linn chun do thaifid a aimsiú, m.sh. ainm ar bith eile a tugadh duit ar scoil, cóip de cháipéisíocht a fuair tú ó bhainistíocht na scoile, sonraí an tsocrúcháin tar éis duit scaoileadh ón scoil, srl.

_____

_____

_____

_____

Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí

A mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, cuirtear oideachas agus oiliúint ar fáil tríd an Roinn Oideachais do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát ar leibhéal atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais agus ar chumas na ndaoine sin. Is gá leis an Roinn roinnt faisnéise pearsanta a fháil chun d'iarratas a phróiseáil de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Féadfar d'fhaisnéis phearsanta a mhalartú le comhlachtaí poiblí eile nó le heagrais oideachais/oiliúna i gcásanna áirithe dá bhforáiltear de réir an dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí, le fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Tá sonraí faoin mbeartas agus faoin bhfógra príobháideachais seo le fáil freisin i gcóip chrua ón seoladh seo a leanas ach é a iarraidh.

Léigh mé na treoirlínte atá ceangailte leis seo agus chuir mé foirm aitheantais agus deimhniú mo sheolta bhaile isteach le m'iarratas. Tuigim nach scaoilfear liom mo thaifid in éagmais na foirme sin aitheantais. Cuir tic sa bhosca le do thoil ☐

Sínithe: _____ Dáta: _____

D'úsáid oifige amháin

Dáta a Fuarthas an tIarratas SF: _____

Aitheantas Deimhnithe: _____

An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

IARRATAS (A) Ó DHLÍODÓIRÍ, (B) Ó 3Ú PEARSA NÓ (C) MAIDIR LE hIARCHÓNAITHEOIR BÁSAITHE NA SCOILEANNA SAOTHAIR & CEARTÚCHÁN CHUN ROCHTAIN A FHÁIL AR THAIFID PHEARSANTA DE RÉIR AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

Má tá tú ag déanamh iarratais thar ceann duine eile nó thar ceann duine muinteartha atá tar éis bháis, le do thoil líon isteach Cuid A **i dtaca le do shonraí féin** agus na Codanna B, C, D i dtaca leis an té faoina bhfuiltear ag iarraidh na taifid. Le do thoil, líon isteach an uile chuid i mBLOCLITREACHA agus sínigh an fhoirm iarratais. Cuimhnítear go seoltar an cháipéisíocht ar fad a iarrtar (féach na treoirlínte le do thoil) toisc nach scaoilfear aon taifid, más ann dóibh, go dtí go bhfaighfear an fhaisnéis a iarrtar.

A. SONRAÍ PEARSANTA AN IARRATASTÓRA:

Ainm an Iarratasóra: _____

Seoladh Baile: _____

Uimh. Ghutháin: _____ **Seoladh Ríomhphoist:** _____

An Gaol atá agat leis an Iarchónaitheoir: _____

Le do thoil, inis dúinn mura bhfuil tú ag iarraidh go mbainfear leas as na sonraí thuas chun teagmháil a dhéanamh leat: _____

B. SONRAÍ PEARSANTA AN IARCHÓNAITHEORA

Ainm: _____ **Dáta Breithe:** _____

Seoladh Baile: _____

Uimh. Ghutháin: _____ **Seoladh Ríomhphoist:** _____

Le do thoil, cuir ar fáil do shloinne roimh phósadh duit, más cuí. _____

C. SONRAÍ NA SCOILE SAOTHAIR A D'FHREASTAIL SÉ/SÍ UIRTHI

Ainm & Suíomh na Scoile(anna) ar ar fhreastail sé/sí: _____

_____

Uimhir Thagartha na Scoile: _____

Neasbhliain Iontrála agus Neasbhliain Scaoilte: _____

D. SONRAÍ THEAGHLACH AN IARCHÓNAITHEORA

Ainm na Máthar: _____ **Ainm an Athar:** _____

Seoladh Baile roimh an Socrúchán: _____

_____

Ainmneacha Deartháireacha agus Deirfiúracha a d'fhreastail nó nár fhreastail ar Scoil Saothair:

_____

Le do thoil, tabhair breis eolais anseo dúinn a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair linn chun do thaifid a aimsiú, m.sh. ainm ar bith eile a tugadh ar an iarchónaitheoir ar scoil, cóip de cháipéisíocht a fuarthas ó bhainistíocht na scoile, sonraí an tsocrúcháin tar éis dó/di scaoileadh ón scoil, srl.

_____

_____

_____

Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí
A mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, cuirtear oideachas agus oiliúint ar fáil tríd an Roinn Oideachais do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát ar leibhéal atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais agus ar chumas na ndaoine sin. Is gá leis an Roinn roinnt faisnéise pearsanta a fháil chun d'iarratas a phróiseáil de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Féadfar d'fhaisnéis phearsanta a mhalartú le comhlachtaí poiblí eile nó le heagrais oideachais/oiliúna i gcásanna áirithe dá bhforáiltear de réir an dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí, le fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Tá sonraí faoin mbeartas agus faoin bhfógra príobháideachais seo le fáil freisin i gcóip chrua ón seoladh seo a leanas ach é a iarraidh.

Léigh mé na treoirlínte atá ceangailte leis seo agus chuir mé foirm aitheantais isteach le m'iarratas. Cuirim san áireamh freisin toiliú scríofa atá ábhartha agus/nó cruthúnas teidlíochta chun na taifid a fháil.
Tuigim nach iondúil go dtugtar taifid a bhaineann le duine eile duit ach amháin má fhaightear toiliú scríofa ón duine sin. Sna treoirlínte cuirtear míniú ar fáil i dtaca leis an teidlíocht le haghaidh taifid a fháil maidir le duine básaithe.

Cuir tic sa bhosca le do thoil ☐

Sínithe: _____Dáta: _____

D'úsáid oifige amháin
Dáta a Fuarthas an tIarratas SF: _____
Aitheantas Deimhnithe: _____
Toiliú Deimhnithe: _____

Aguisín 1

FOIRM THOILITHE

Táim, _____ (Ainm an iarchónaitheora i mBLOCLITREACHA) go hiomlán ar an eolas faoin bhfaisnéis atáthar a lorg maidir liom féin de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus leis seo tugaim mo thoiliú feasach deonach ionas go bhfaighidh _____ (Ainm an iarratasóra i mBLOCLITREACHA) rochtain ar na taifid a iarradh san fhoirm iarratais a bhaineann leis an tSaoráil Faisnéise.

Sínithe: _____ (Iarchónaitheoir)

Dáta: _____